Dé Máirt 22. Samhain 2022

P9_TA(2022)0401

Tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2022 ar chur chun feidhme na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (2022/2063(INI))

(2023/C 167/02)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Teideal XIX de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh ([1]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([3]),

— ag féachaint do chláir oibre na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) do na blianta 2021 agus 2022,

— ag féachaint do thuarascáil tionchair 2021 ó CNE,

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2018 dar teideal *Horizon 2020 interim evaluation: maximising the impact of EU research and innovation* [Meastóireacht eatramhach ar Fhís 2020: an tionchar a bhíonn ag taighde agus nuálaíocht an Aontais a uasmhéadú] (COM(2018)0002),

— ag féachaint do mheasúnú tionchair an 7 Meitheamh 2018 a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir le Fís Eorpach (SWD(2018)0307),

— ag féachaint don ráiteas ó Bhord CNE an 16 Lúnasa 2022 maidir leis an bplé sa Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh sa Pharlaimint maidir le cur chun feidhme CNE ([4]),

— ag féachaint don ráiteas ó Bhord EIC an 9 Feabhra 2022 maidir le clár oibre CNE le haghaidh 2022 agus maidir le todhchaí Chiste CNE ([5]),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 dar teideal "Nuashonrú ar chur chun feidhme Luasaire CNE" ([6]),

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0268/2022),

---

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.
([2]) IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 1.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) https://eic.ec.europa.eu/news/statement-eic-board-discussion-european-parliament-itre-committee-eic-implementation-2022-08-16_en
([5]) https://eic.ec.europa.eu/system/files/2022-02/Statement%20by%20the%20EIC%20Board%20on%20the%20EIC%20Work%20Programme%20for%202022%20and%20future%20of%20the%20EIC%20Fund.pdf
([6]) https://eic.ec.europa.eu/news/eic-accelerator-implementation-update-2022-08-05_en

Dé Máirt 22. Samhain 2022

Cuspóirí ginearálta agus struchtúr CNE faoi Fhís Eorpach

A. de bhrí gurb í CNE an clár suaitheanta nuálaíochta de chuid an Aontais chun nuálaíochtaí ceannródaíocha, go háirithe sa domhainteicneolaíocht, a aithint, a fhorbairt agus a mhéadú; de bhrí go ndéanfaidh CNE líonrú agus comhar a éascú agus a fheabhsú agus sineirgí a chruthú idir pobail nuálaíochta éagsúla in AE agus le EIT go háirithe, agus cumhdach geografach leathan á áirithiú; de bhrí gur bunaíodh í chun neamhspleáchas straitéiseach teicneolaíochta na hEorpa a chothú agus chun feabhas a chur ar fheidhmiú mhargadh caipitil fiontair na hEorpa;

B. de bhrí go sainaithnítear le Rialachán (AE) 2021/695 CNE mar "ionad ilfhreastail a bhainistítear go lárnach" a dhíreoidh "go príomha ar an nuálaíocht cheannródaíoch agus shuaiteach, agus díreoidh sé go háirithe ar an nuálaíocht lena gcruthaítear margaí, agus tacóidh sé le nuálaíocht de gach sórt ag an am céanna, lena n-áirítear nuálaíocht incriminteach";

C. de bhrí go sonraítear i Rialachán (AE) 2021/695 nach mór do CNE oibriú i gcomhréir le breisluach soiléir an Aontais, le neamhspleáchas, le cumas riosca a ghlacadh, le héifeachtúlacht, le héifeachtacht, le trédhearcacht agus le cuntasacht;

D. de bhrí go sonraítear i gCinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle go bhfuil dhá chuspóir ag CNE: ar an gcéad dul síos, nuálaíochtaí ardriosca de gach cineál a shainaithint, a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear nuálaíochtaí incriminteacha; agus ar an dara dul síos, tacú le huas-scálú tapa cuideachtaí nuálacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta feadh na conaire ó na smaointe go dtí an margadh;

E. de bhrí go gcuirtear CNE chun feidhme trí thrí phríomhcholún: Treo-Aimsitheoir CNE; Gníomhaíochtaí Aistrithe CNE; agus Luasaire CNE;

F. de bhrí leis an Treo-Aimsitheoir go gcuirfear deontais ar fáil do thionscadail cheannródaíocha ardriosca ina ndéanfar iniúchadh ar réimsí nua agus réimsí domhainteicneolaíochta chun teicneolaíochtaí nuálacha úrnua ionchasacha agus chun deiseanna margaidh nua don todhchaí a fhorbairt;

G. de bhrí go dtacaíonn an Luasaire go príomha le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhfuil sé d'aidhm acu nuálaíochtaí ceannródaíocha domhainteicneolaíochta a fhorbairt atá ríthábhachtach d'fhás na hEorpa amach anseo agus do neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa;

H. de bhrí go gcuirtear an Luasaire chun feidhme, den chuid is mó, trí mhaoiniú cumaiscthe CNE arna bhronnadh trí phróiseas aonair, soiléir agus trédhearcacht agus le haon chinneadh amháin, lena dtabharfar aon ghealltanas domhanda amháin don nuálaí dá dtugtar tacaíocht go mbeidh rochtain aige ar acmhainní airgeadais lena gcuimseofar na céimeanna éagsúla den nuálaíocht go dtí go gcuirfear an táirge ar an margadh, lena n-áirítear an réamh-olltráchtálú;

I. de bhrí go bhforáiltear don Aontas leis an reachtaíocht maidir le Fís Eorpach riosca tosaigh na nuálaíochta roghnaithe a sheasamh asti féin;

J. de bhrí go gceanglaítear le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle ar an gCoimisiún meán sainchuspóireach a bhunú chun maoiniú cumaiscthe CNE a chur chun feidhme agus chun gach gné oibríochtúil de thionscadail an Luasaire a bhainistiú;

Torthaí an Treoirthionscadail

K. de bhrí gur léiríodh go rathúil i dTreoirthionscadal CNE agus i dTreoirthionscadal Feabhsaithe CNE indéantacht CNE mar chlár lánfheidhme mar a leagtar amach i gconclúidí ginearálta staidéar meastóireachta 2022 arna fhoilsiú ag an gCoimisiún ([7]), in ainneoin roinnt saincheisteanna tosaigh lena n-áirítear cumarsáid dhoiléir le tairbhithe faoi na coinníollacha infheistíochta do chuideachtaí;

L. de bhrí go raibh éifeachtacht Threoirthionscadal CNE faoi bhrú mar gheall ar rátaí rathúlachta ísle;

M. de bhrí, idir 2018 agus 2020, go ndearnadh 330 tionscadal Treo-Aimsitheora a mhaoiniú faoi Threoirthionscadal CNE le glaonna le líon ard aighneachtaí;

([7]) An Coimisiún Eorpach, *Staidéar Meastóireachta ar Threoirthionscadal na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE)*, 2022.

Dé Máirt 22. Samhain 2022

N. de bhrí go raibh raon geografach na rannpháirtíochta agus, go háirithe, comhordú an treoirthionscadail Treo-Aimsitheora comhchruinnithe in AE-15 agus i dTíortha Comhlachaithe; de bhrí gur cosúil go raibh seasamh tíre i scórchlár nuálaíochta na hEorpa á léiriú i líon na n-iarratas agus sa rath a bhí ar a nuálaithe sa Treoirthionscadal Treo-Aimsitheora: bhí na rátaí ratha is airde ag na ceannairí nuálaíochta agus bhí na rátaí ratha is ísle ag nuálaithe atá ag teacht chun cinn;

O. de bhrí go raibh Ciste CNE faoina struchtúr bunaidh, mar a cuireadh i bhfeidhm é in 2020 faoi Threoirthionscadal CNE agus ar ghlac an Coimisiún leis ag an am, ag feidhmiú go hiomchuí; de bhrí go ndearnadh 140 cinneadh infheistíochta cothromais, in ainneoin na moilleanna agus na saincheisteanna a tharlaíonn arís agus arís eile maidir leis an ionstraim airgeadais chumaiscthe a shíniú; de bhrí go raibh cóimheas luamhánaithe 2,7 ag na cinntí sin, rud a léiríonn go raibh Ciste CNE, ina struchtúr bunaidh, in ann comhinfheistíocht shuntasach a bhunú;

P. de bhrí gur thángthas ar an gconclúid sa staidéar meastóireachta "go bhfuil spriocanna beartais phoiblí agus riachtanais an mhargaidh a bhfuil údar maith leo mar bhonn taca le Ciste CNE" agus go bhfuil "pointe conspóideach maidir le struchtúr an Chiste dírithe ar dhá riail incháilitheachta a léirmhíniú: neamh-iontaofacht ó thaobh brabúis de agus comhinfheistíocht";

Q. de bhrí go raibh rath ar leith ar an nós imeachta maidir le dícheall cuí arna bhunú faoi Threoirthionscadal CNE toisc gur chuir sé measúnuithe díchill chuí ardcháilíochta ar fáil mar a deimhníodh leis an bhfíric gur úsáideadh roinnt de na measúnuithe sin chun infheisteoirí seachtracha a mhealladh, rud a léiríonn go mbunaíonn infheisteoirí a gcinntí infheistíochta ar dhícheall cuí ar cháilíocht leordhóthanach;

R. de bhrí go raibh an chomhairle infheistíochta ghairmiúil struchtúrtha a thug an Coiste Infheistíochta agus foireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) atá leabaithe i nGníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) in ann dícheall cuí d'ardchaighdeán a chur ar fáil a bhuí leis an gcomhar uathúil idir EISMEA agus BEI i gcomhar le saineolas infheistíochta arna thabhairt isteach ag saineolaithe seachtracha, lena n-áirítear infheisteoirí srathacha agus caipitlithe fiontair, ar an gCoiste Infheistíochta;

Staid chur chun feidhme CNE faoi Fhís Eorpach

S. de bhrí gur foilsíodh an samhail-chomhaontú deontais anótáilte don chlár Fís Eorpach thar a bheith déanach, rud a chruthaigh éiginnteacht shuntasach i measc iarratasóirí, lena n-áirítear iarratasóirí ionchasacha faoi CNE;

T. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainn, le tabhairt isteach bainisteoirí clár, éifeachtacht CNE a mhéadú; de bhrí gur ceapadh naonúr bainisteoirí clár eile;

U. de bhrí go bhfuil easpa infheictheachta fós in obair na mbainisteoirí clár agus go measann geallsealbhóirí nach bhfuil trédhearcacht inti;

V. de bhrí gur cineál nua cláir é CNE a mbaineann níos mó riosca airgeadais leis ná mar a bhaineann le caiteachas traidisiúnta an Aontais agus a éilíonn straitéis iniúchóireachta thiomnaithe;

W. de bhrí, faoi chláir oibre 2021 agus 2022, gur cuireadh EUR 1,55 billiún agus EUR 1,71 billiún faoi seach ar fáil do CNE; de bhrí, sa dá bhliain sin, gur tháinig thart ar EUR 430 milliún ó bhuiséad NextGenerationEU, a cuireadh ar fáil ina iomláine do chomhpháirteanna deontais CNE; de bhrí gur leithdháileadh thart ar 52 % den bhuiséad a bhí ar fáil ar ghlaonna oscailte ón mbun aníos faoi na glaonna oscailte; de bhrí gur leithdháileadh 65 % den chistiú a bhí ar fáil ar chomhpháirteanna deontais CNE, agus gur leithdháileadh 35 % ar na comhpháirteanna infheistíochta; de bhrí gur leithdháileadh beagnach 70 % den chistiú a bhí ar fáil ar ghlaonna an Luasaire, agus 20 % ag dul chuig glaonna an Treo-Aimsitheora;

X. de bhrí go raibh ráta ratha 6,45 % agus 7 % in 2021 agus 2022 faoi seach ag glao Oscailte an Treo-Aimsitheora; de bhrí gur tíolacadh 403 thogra faoi ghlao Dúshláin an Treo-Aimsitheora ó 2021 agus gur dámhadh 39 dtogra, arb ionann sin agus ráta ratha 9,7 %;

Dé Máirt 22. Samhain 2022

Y. de bhrí, i gcás ghlao an Luasaire, go raibh dhá scoithdháta ann in 2021 agus 2022 faoi seach;

Z. de bhrí, go dtí mí Mheán Fómhair 2022, gurbh iad réamhíocaíochtaí deontais arb é 12 mhí an méid ama a thógann sé deontas a thabhairt ina leith an t-aon chistiú a aistríodh chuig tairbhithe an Luasaire, nár aistríodh aon chistí mar chuid de thacaíocht chothromais nó gharchothromais agus nach ndearnadh ach cinneadh infheistíochta amháin, rud a d'fhág gurb ann do choibhéis ama-infheistíochta níos mó ná bliain; de bhrí nár thosaigh an Coimisiún ar bhileoga téarma a shíniú go dtí samhradh 2022 do thairbhithe a roghnaíodh in 2021 agus go síneofar an chuid is mó díobh tar éis an tsamhraidh ([8]);

Fadhbanna bunúsacha cur chun feidhme

Bainistiú Chiste CNE agus breithnithe maidir le hathstruchtúrú an Chiste

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an fógra a rinneadh go luath in 2022 maidir le hathruithe ar struchtúr an Chiste i gcomparáid leis an staid faoi Threoirthionscadal CNE, nuair a bhí cuideachtaí roghnaithe le haghaidh cistiúcháin cheana féin ón gcéad dá scoith in 2021;

2. á mheabhrú go bhfuil Ciste CNE curtha ar bun chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna atá ag forbairt nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta; á thabhairt chun suntais go bhfuil sreafaí airgid ríthábhachtach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna, agus gur féidir leis na moilleanna fada ar chistiú a bhfuiltear ag dréim leis a bheith ina gcúis fhéimheachta do na cineálacha cuideachtaí; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé go bhfuil Ciste CNE in ann infheistíocht a dhéanamh laistigh de thréimhsí ama atá comhoiriúnach don mhargadh; á chur in iúl gur saoth léi na cásanna inar mhainnigh Ciste CNE an cuspóir sin a bhaint amach agus inar fágadh an cinneadh infheistíochta bunaidh ó Chiste CNE neamhábhartha, mar gheall ar an aga moille fada agus ar fhorbairt na cuideachta le linn an ama sin;

3. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na moilleanna ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí maoiniúcháin cumaiscthe faoin Luasaire; ag cur béim ar an bhfíoras gur tháinig na moilleanna go heisiach as dearcthaí éagsúla maidir le cur chun feidhme CNE a eascraíonn as léirmhínithe contrártha ar na téacsanna dlí ábhartha ag ranna éagsúla den Choimisiún maidir le bainistiú Chiste CNE; ag tabhairt dá haire nach mbaineann coinbhleachtaí ach le cuid chothromais an tionscadail agus, dá bhrí sin, nár cheart go ndéanfadh siad difear do na comhaontuithe deontais; á chur in iúl gur saoth léi go gcuireann an t-aighneas inmheánach sa Choimisiún sin 96 chuideachta domhainteicneolaíochta Eorpacha i mbaol; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, cé is moite de chinneadh infheistíochta eisceachtúil amháin, nach ndearna Ciste CNE aon chinntí maidir le hinfheistíochtaí iarbhír;

4. á mheabhrú gur cheart maoiniú cumaiscthe CNE a dhámhachtain trí phróiseas aonair agus trí chinneadh aonair lena gcumhdaítear comhpháirteanna an deontais agus na hionstraime airgeadais araon; á chur i bhfios gur cheart don Choimisiún gnéithe oibríochtúla uile thionscadail an Luasaire a bhainistiú;

5. á aithint gur chuir an Coimisiún in iúl gur cúis imní dó bainistiú Chiste CNE ó thaobh impleachtaí foirne de chomh maith leis an dliteanas maidir leis an gclú a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoimisiún i leith na n-infheistíochtaí;

6. ag aithint na n-ábhar imní maidir le soláthar foirne atá curtha in iúl ag an gCoimisiún maidir le bainistiú phunann infheistíochta Chiste CNE; á chur in iúl gur mór aici gur gá go mbeadh an fhoireann ag Ciste CNE iomchuí agus go gciallaíonn sé sin go bhfuil gá le líon suntasach foirne a bhfuil taithí shuntasach acu; á mheas, áfach, nach é an t-aon réiteach amháin é na daoine sin a fhostú go díreach; á chur i bhfios gur fhorbair an Coiste Infheistíochta bunaidh in éineacht le BEI plean malartach chun an tsaincheist maidir le soláthar foirne a réiteach; á mheas, dá bhrí sin, nach cúis é chun an Ciste a athstruchtúrú an dúshlán a bhaineann le soláthar foirne;

7. ag tabhairt dá haire go maíonn an Coimisiún go gcuirtear ceangal air le hAirteagal 11(3) de Chinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle scrúdú a dhéanamh ar an mbainistiú indíreach agus gur gá athruithe a dhéanamh ar struchtúr Chiste CNE dá bharr sin;

8. á mheabhrú gur cuireadh téacs Airteagal 11(3) san áireamh sa togra ón gCoimisiún maidir le Fís Eorpach agus nár tugadh dúshlán riamh ina leith le linn an nós imeachta reachtaigh; á thabhairt chun suntais go gciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh an Coimisiún go hiomlán ar an eolas faoin téacs sin nuair a chuir sé Ciste CNE ar bun in 2020; á chur i bhfáth gur ghlac Coláiste na gCoimisinéirí an cinneadh ón gCoimisiún Ciste CNE a bhunú, lena n-áirítear an struchtúr bunaidh, agus go raibh tacaíocht aige ón gCoimisiún ina iomláine; ag cur béim ar an bhfíoras gur amhlaidh atá i gcás chlár oibre CNE 2021, nach ndearnadh aon tagairt ann don ghá atá le Ciste CNE a athstruchtúrú; á mheas gur ardaíodh an tsaincheist maidir le hAirteagal 11(3) a chomhlíonadh go hinmheánach sa Choimisiún i samhradh 2021 tar éis don chlár a bheith tosaithe

([8]) https://eic.ec.europa.eu/news/eic-accelerator-implementation-update-2022-08-05_en

Dé Máirt 22. Samhain 2022

cheana; á mheas, maidir le saincheist bhunúsach den sórt sin a ardú le linn clár atá i bhfeidhm tar éis roinnt deiseanna a chailleadh chun an tsaincheist a ardú sna trí bliana roimh thús an chláir, gur cás míbhainistithe agus comhartha é de dhrogall glacadh le bealach nua oibre mar atá beartaithe ag na comhreachtóirí;

9. ag tabhairt chun suntais nach bhfuil in Airteagal 11(3) ach aon abairt amháin agus nach mór í a léamh i gcomhthéacs an Chinnidh iomláin ón gComhairle; á chur i bhfáth freisin, ina leith sin, go dtugtar sainordú don Choimisiún faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh thuasluaite ón gComhairle "meán sainchuspóireach" a bhunú', gan aon choinníollacha eile a leagan síos; á chur i bhfáth, thairis sin, go bhfuil idir dheontais agus thacaíocht d'infheistíocht i bhfoirm cothromais nó i bhfoirmeacha inaisíoctha eile i gceist le maoiniú cumaiscthe CNE dá dtagraítear in Airteagal 11 (3) agus a shainmhínítear i bpointe 1.1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle; á mheas, dá bhrí sin, nach féidir an ceanglas maidir le bainistiú indíreach a thuiscint mar cheanglas nach bhfuil feidhm aige ach maidir leis an gcuid infheistíochta den mhaoiniú cumaiscthe agus nach féidir an t-airteagal sin a léirmhíniú ar bhealach a fhágann go ndéantar an dá chuid a dheighilt ó chéile sa chur chun feidhme;

10. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé cinneadh infheistíochta a ullmhú go gairmiúil; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, ról Choiste Infheistíochta Chiste CNE arna cheapadh ag an gCoimisiún chomh maith leis an tacaíocht luachmhar don dícheall cuí arna soláthar ag BEI atá leabaithe in EISMEA; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, gur cosúil gur rófhada iad na cinntí breise ó Chiste CNE, amhail dul isteach i mbabhta infheistíochta tar éis an chinnidh infheistíochta tosaigh nó réasúnaíocht le haghaidh infheistíochta a bhunú, agus gur rófhada iad i bpáirt mar gheall ar an am a thógann sé ar BEI a ionchur a sholáthar;

11. ag tabhairt dá haire go raibh ionadaithe ón gCoimisiún mar aon le saineolaithe seachtracha ar Choiste Infheistíochta CNE agus ar Bhord Chiste CNE araon, faoi leagan amach bunaidh Chiste CNE, rud a d'fhág go raibh cothromaíocht chuí ann idir comhtháthú beartas agus cinntí gairmiúla infheistíochta;

12. ag tabhairt dá haire go raibh "socrú idirthréimhseach" glactha agus curtha chun feidhme ag an gCoimisiún faoi mhí Dheireadh Fómhair 2022 faoina bhfanfaidh Ciste CNE faoi úinéireacht an Choimisiúin agus go ndéanfaidh bainisteoir cistí seachtracha cinntí infheistíochta an Chiste; á thabhairt chun suntais go n-earcóidh an bainisteoir cistí seachtracha foireann chuig an gCoiste Infheistíochta freisin agus go gciallaíonn sé sin nach mbeidh níos mó saineolaithe neamhspleácha a chuireann saineolas luachmhar ar fáil ar an gCoiste agus nach mbeidh comhleanúnachas beartais á áirithiú ag aon ionadaí ón gCoimisiún; ag tabhairt dá haire an cur síos ar an socrú sin i gclár oibre CNE 2022;

13. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtí go raibh an socrú idirthréimhseach maidir le hinfheistíochtaí a fógraíodh i gclár oibre CNE 2022 i bhfeidhm, nár mhór do Choláiste na gCoimisinéirí, gach cinneadh dámhachtana aonair agus gach cinneadh mór infheistíochta a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, go raibh leibhéal eile grinnscrúdaithe ag gabháil leo; á mheas gur cás do-ghlactha é sin toisc go ndéanann sé an próiseas cinnteoireachta níos faide, níos casta agus níos mó neamhchinnteachta do na hiarratasóirí;

14. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, gur thóg an socrú idirthréimhseach do Chiste CNE os cionn bliana mar gheall ar phlé inmheánach leanúnach idir ranna éagsúla an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Coimisiún, i mí an Mheithimh 2022, ag próiseáil comhpháirteanna deontais de thionscadail an Luasaire a roghnaíodh i mí an Mheithimh 2021, rud a léirigh go raibh dul chun cinn leordhóthanach déanta maidir leis an socrú idirthréimhseach a bhunú chun go mbeifear in ann tús a chur le tionscadail mhaoiniúcháin chumaiscthe a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire gur síníodh formhór na gcomhaontuithe deontais i samhradh 2022 do dheontaithe a roghnaíodh faoi scoithphointe mhí an Mheithimh 2021, rud a fhágann gur thóg sé níos mó ná bliain chun an deontas a fháil; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún in iúl i mí na Bealtaine 2022 go mbeadh na comhpháirteanna deontais do dheontaithe maoinithe chumaiscthe CNE ó scoithdháta mhí Dheireadh Fómhair 2021 tugtha chun críche faoi dheireadh mhí na Bealtaine nó go luath i mí an Mheithimh ([9]); ag tabhairt dá haire go raibh ar an gCoimisiún na deontóirí sin a chur ar an eolas le linn shamhradh 2022 nach mbeadh na deontais réidh faoi mhí Iúil agus gur dócha go mbeadh orthu fanacht go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, maidir leis an scoithdháta sin, gur bliain amháin ar a laghad a bheidh sé an méid ama a thógfaidh sé deontas a thabhairt;

15. á thabhairt chun suntais go dtugtar cumhacht shainráite don Choimisiún le hAirteagal 216(1) den Rialachán Airgeadais infheistíochtaí a bhainistiú go díreach (Airteagal 216(1b)) nó iad a chur chun feidhme trí "mheán infheistíochta tiomanta" (Airteagal 216(1a)); á chur i bhfáth go bhfágann an cineál cur chun feidhme sin go mbíonn níos mó solúbthachta ann agus gur féidir breithniú níos straitéisí a dhéanamh sna cinntí infheistíochta agus bainistiú punainne i gcomparáid leis an mbainistiú indíreach; ag diúltú don tuairim, má aistrítear bainistiú an Chiste chuig BEI agus chuig bainisteoir cistí seachtracha, go mbeidh an tsolúbthacht agus an breithniú straitéiseach is gá ann chun go mbeidh rath ar CNE; á chur in iúl gur cúis imní di nach mbeidh i gCiste CNE ach ciste caipitil fiontair eile a fhaigheann tacaíocht ó BEI;

([9]) https://sciencebusiness.net/news/commission-says-european-innovation-council-grant-logjam-end-june

Dé Máirt 22. Samhain 2022

16. á chur i bhfios go láidir gur gá comhairle straitéiseach Bhord CNE a chur chun feidhme ar bhealach níos críochnúla in obair CNE, lena n-áirítear a chuid moltaí chun éagsúlacht a mhéadú agus rannpháirtithe ó raon leathan tíortha a chuimsiú chun acmhainneacht nuálaithe ar fud na hEorpa a ghnóthú agus chun comhoibriú praiticiúil leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a chothú;

Ciste CNE mar infheisteoir aonair

17. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an beartas atá ann, de réir cosúlachta, nach mbeidh Ciste CNE ina phríomhinfheisteoir go deo i mbabhta cothromais, go háirithe in éineacht leis an gceanglas atá ar chuideachtaí comhinfheistíocht chomhoiriúnach a mhealladh ó infheisteoirí seachtracha; á chreidiúint go dtéann sé sin i gcoinne na gcuspóirí straitéiseacha agus na príomhloighce atá taobh thiar de CNE; á thabhairt chun suntais nárbh é sin an beartas ag tús Threoirthionscadal CNE agus gur cuireadh an t-athrú beartais sin i bhfeidhm le héifeacht chúlghabhálach maidir le hiarratais a cuireadh isteach roimh an athrú beartais; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gur chruthaigh sé sin fadhbanna sreafa airgid do go leor iarratasóirí agus nach ndearnadh ach aon trian de na hinfheistíochtaí cothromais tiomanta ina n-íocaíochtaí le cuideachtaí go hiarbhír; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart go mbeadh an chomhinfheistíocht ina ceanglas tosaigh do thionscadail ach ina cuspóir de chuid Chiste CNE le linn shaolré an tionscadail deontais in ionad sin;

18. á mheabhrú gur féidir le CNE a bheith ina infheisteoir aonair, agus an riosca uile a bhaineann le hinfheistíocht á ghlacadh aige, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695; ag tabhairt dá haire gur cosúil nach gcuirtear an ról sin chun feidhme ach amháin trí iasachtaí in-chomhshóite a chur ar fáil in éineacht leis an gceanglas comhinfheistíocht a mheaitseáil le haghaidh aon infheistíochtaí cothromais; ag tabhairt dá haire go bhfuil níos mó ná 50 % de na hinfheistíochtaí go léir faoin gcomhpháirt chothromais i bhfoirm iasachtaí in-chomhshóite go dtí seo; á thabhairt chun suntais go raibh an easpa infheisteoirí caipitil riosca ag an Eoraip ar cheann de na cúiseanna le CNE a bhunú agus, go háirithe, infheisteoirí caipitil riosca a bhfuil saineolas acu i margaí domhainteicneolaíochta; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, nach féidir brath go hiomlán ar mhargadh mífheidhmiúil mar shásra éifeachtach chun cinntí infheistíochta agus cinntí scoir CNE a stiúradh; ag tabhairt rabhadh, ina leith sin, go bhféadfadh ceanglas maidir le comhinfheistíocht cháilithe cur leis an gcliseadh margaidh ar cuireadh CNE ar bun chun aghaidh a thabhairt air;

19. ag tabhairt dá haire go bhfágann an cleachtas a bhaineann le comhinfheistíocht a cheangal gurb ionann CNE agus infheisteoir leantach, rud a chuireann an méid seo a leanas i mbaol:

(a) rochtain saor in aisce agus páirteisiach a thairiscint d'infheisteoirí príobháideacha ar dheiseanna infheistíochta den scoth, rud a chruthaíonn riosca go saobhfar margadh caipitil fiontair na hEorpa agus, ag an am céanna, go dtreiseofar nádúr an mhargaidh Eorpaigh a bhfuil col riosca aige;

(b) nó go n-éireodh sé iomarcach toisc go socraíonn an príomhinfheisteoir an luas agus an caighdeán le haghaidh babhtaí infheistíochta, rud a ardaíonn an cheist an mbeadh CNE ag teastáil ó ghnólachtaí nuathionscanta ar chor ar bith;

20. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an cleachtas iasachtaí in-chomhshóite a chomhshó ina gcothromas do chuideachtaí nár éirigh leo infheistíocht bhreise a mhealladh, bunaithe ar luacháil arna bunú tráth dheonú na hiasachta seachas ar luacháil tráth chomhshó na hiasachta; á chur i bhfios, i ndáil leis sin, gur cuireadh CNE ar bun chun forbairt agus méadú gnólachtaí nuathionscanta a éascú go díreach sa chéim inar féidir le luachálacha méadú go tapa toisc go dtiteann na rioscaí a bhaineann le teicneolaíocht go tapa agus go bhfuil iontráil sa mhargadh níos dlúithe; á mheas, dá bhrí sin, go dtéann sé i gcoinne chuspóirí CNE a bheith ag brath ar sheanluacháil; á chur i bhfios, thairis sin, go bhfuil Ciste CNE ceaptha rioscaí a ghlacadh, ach trí iasachtaí in-chomhshóite a úsáid, cuirtear an chuid is mó den riosca ar aghaidh chuig an iarratasóir go bunúsach;

21. á aithint go bhfuil breisluach ag baint le príomhinfheisteoir seachtrach toisc go bhféadfadh fíor-shaineolas a bheith ag an bpríomhinfheisteoir sin ar an gcuid sin den mhargadh atá ábhartha maidir le hinfheistíocht shonrach, agus go bhféadfadh sé nach mbeadh an saineolas céanna ag Ciste CNE mar gheall ar a mhéid agus a chineál ginearálta; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go bhféadfadh breisluach níos mó a bheith ag baint leis an bpríomhinfheisteoir speisialaithe d'fhorbairt na cuideachta ná Ciste CNE; á aithint, thairis sin, go ráthófaí le príomhinfheisteoir seachtrach go socraíonn an margadh an luacháil agus téarmaí eile infheistíochta;

22. ag diúltú go láidir don tuairim nach féidir le Ciste CNE a bheith ina infheisteoir aonair nó ina phríomhinfheisteoir; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an cumas infheistíocht a dhéanamh, fiú i gcás nach bhfuil an margadh réidh lena aghaidh, ar cheann de na príomhúdair atá le CNE a bheith ann; á mheas gur cheart é sin a cheadú go sainráite i mbeartas infheistíochta Chiste CNE;

(a) gurb é Ciste CNE an t-aon infheisteoir amháin trí iasachtaí in-chomhshóite nó, i gcásanna sonracha, trí infheistíochtaí cothromais;

(b) go mbeadh Ciste CNE in ann babhta infheistíochta a stiúradh;

Dé Máirt 22. Samhain 2022

(c) go mbeadh Ciste CNE ar an infheisteoir is mó cé nárbh é an príomhinfheisteoir é;

23. ag tabhairt dá haire go gceanglaítear le pointe 1.2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle ar Chiste CNE straitéis scoir le haghaidh a infheistíochtaí a shainiú agus a chur chun feidhme; á thabhairt faoi deara nach cosúil go bhfuil aon straitéis den sórt sin i bhfeidhm;

Lochtanna cur chun feidhme

Nós imeachta iarratais

24. ag cur béim ar a thábhachtaí atá nós imeachta iarratais inrochtana agus éifeachtach do chlár a bhfuil sé d'aidhm aige na nuálaithe is uaillmhianaí a mhealladh; ag tabhairt dá haire gur féidir an nós imeachta a fheabhsú fós ar aon dul leis an méid seo a leanas:

(a) ba cheart tograí aontairbhí agus iltairbhí araon a éascú sa nós imeachta iarratais, rud a éilíonn teimpléad togra tiomnaithe don dá chineál cur i bhfeidhm;

(b) ba cheart an fhaisnéis go léir atá ag teastáil le haghaidh iarratais rathúil a chur ar fáil ar bhealach comhleanúnach; faoi láthair, tá an fhaisnéis scaipthe ar roinnt doiciméad a dhéanann an t-iarratas a ullmhú anásta gan ghá;

25. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil na meastóirí ag tabhairt teachtaireachtaí measctha do na geallsealbhóirí maidir leis an riosca iomchuí agus an iontaofacht ó thaobh brabúis de a bhaineann le tograí Luasaire CNE, go háirithe a dhéanann difear do rannpháirtíocht réigiún faoi ghannionadaíocht agus cuideachtaí arna stiúradh ag mná; á mheabhrú go bhfuil an cumas rioscaí a ghlacadh ar cheann de bhunphrionsabail CNE; á mheabhrú, thairis sin, go luaitear i bpointe 1.1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle gur bunchuspóir de chuid Luasaire CNE é cistiú a chur ar fáil do thionscadail nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de; á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de nach mbeidh rath ar Luasaire CNE ach amháin má tá beartas agus cumarsáid shoiléir ann faoin riosca iomchuí atá ann do thionscadail Luasaire CNE agus faoina n-iontaofacht ó thaobh brabúis de;

26. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa trédhearcacht dhealraitheach i mbainistiú an chláir mar a thuairiscigh geallsealbhóirí; á thabhairt chun suntais an dá phríomhábhar imní atá ag geallsealbhóirí:

(a) an easpa trédhearcachta maidir leis an gcaoi a roghnaítear na topaicí do Dhúshláin an Treo-Aimsitheora;

(b) agus an easpa trédhearcachta maidir leis an gcaoi a mbainistíonn bainisteoirí na punanna, go háirithe le linn chéim roghnúcháin na dtograí;

27. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gealltanas iontaofa ó thaobh an méid ama a thógann sé deontas a thabhairt; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, gur thóg an mheastóireacht ar ghlao Oscailte an Treo-Aimsitheora ó 2021 níos mó ná cúig mhí, agus go gceanglaítear le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/695 go gcuirfear iarratasóirí ar an eolas laistigh de chúig mhí faoi thoradh an phróisis meastóireachta;

28. á chur in iúl gur cúis bhuartha di próiseas tíolactha Luasaire CNE, agus é níos faide agus níos casta anois dul trína chéimeanna éagsúla agus trí ardán CNE féin, lasmuigh den tairseach do chistiúchán oifigiúil agus do dheiseanna tairisceana; á chreidiúint, maidir leis an bpróiseas tíolactha agus meastóireachta le haghaidh Luasaire CNE atá dírithe ar nuálaithe, go mbeadh sé éasca d'fhiontraithe agus d'eolaithe é a thuiscint, go mbeadh a laghad is féidir maidir leis an infheistíocht ama is gá, go mbeidh cothrom agus trédhearcach, agus go mbeadh sé i gcomhréir le caighdeáin an tionscail;

29. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an chaoi a bhfeidhmíonn Ardán IS; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil imní curtha in iúl ag iarratasóirí agus meastóirí araon faoin Ardán;

30. á thabhairt chun suntais go bhfuil an fhoirm ar líne fadálach, nach bhfuil aon solúbthacht aici maidir le faisnéis a chur i láthair (ní féidir formáidiú ná íomhánna a úsáid agus go bhfuil béarlagair gan ghá in úsáid uirthi; ag tabhairt dá haire go ndealraíonn sé nach gcomhlíonann an "Plean Gnó" caighdeáin an tionscail agus nach bhfuil sé i bhformáid atá soláimhsithe do mheastóirí ná do bhainisteoirí tionscadail;

31. ag tarraingt aird ar leith ar an líon méadaithe leathanach (120-200 leathanach) i gcomparáid le Treoirthionscadal CNE (50 leathanach), agus á chur in iúl go bhfuil 36 nóiméad ag meastóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar thogra iomlán (dara céim); ag tabhairt dá haire go bhfuil sé sin ar cheann de na cúiseanna a bhfuil geallsealbhóirí míshásta le cáilíocht na meastóireachta;

32. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur leor tuairim aonair "dho-ghlactha" sa dara céim den phróiseas meastóireachta chun go dteipfeadh ar iarratas; á chreidiúint go bhfuil sé sin díréireach ós rud é go bhfuil trí mheastóir ann a dhéanann measúnú ar an togra agus go dtugann siad uile tuairim "Inghlactha"/"Dho-ghlactha" maidir le trí chritéar mheastóireachta ar leithligh;

Dé Máirt 22. Samhain 2022

33. á chur in iúl gur mór aici, i gcomhar le formhór na ngeallsealbhóirí, gur tugadh isteach an nós imeachta frisnéise, ós rud é go bhféadfadh sé rannchuidiú leis an nós imeachta meastóireachta a fheabhsú; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá le feabhsuithe mar a thuairiscíonn go leor geallsealbhóirí nach bhfuil sé soiléir cad a tharlaíonn leis na ráitis fhrisnéise arna soláthar ag iarratasóirí agus nach bhfuil mórán ama ag iarratasóirí a bhfrisnéis a ullmhú; á chur i bhfáth gur tuairiscíodh go bhfuil tabhairt isteach an nós imeachta fhrisnéise mar cheann de na cúiseanna leis an tréimhse níos faide sula bhfaightear deontas; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an nós imeachta frisnéise agus é a dhéanamh níos fónta trí chead a thabhairt é a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama níos giorra chun an spriocdháta maidir le deontas a chur ar fáil a chomhlíonadh agus, ag an am céanna, dóthain ama a thabhairt chun an fhrisnéis a ullmhú;

34. á chur in iúl gur cúis imní di an gá méadaitheach atá ann d'iarratasóirí sainchomhairleoirí a fhostú chun an nós imeachta iarratais a bhainistiú mar gheall ar a chasta atá sé;

35. á aithint, chun luas tapa chinnteoireacht CNE agus forbairt gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta a éascú, gur cheart go mbeadh daoine aonair atá fostaithe ag eagraíochtaí taighde in ann leas a bhaint as torthaí tionscadal taighde chun gnólachtaí nuathionscanta a chruthú; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, tabhairt isteach an choincheapa "Aireagóir CNE" sa tsamhail-chomhaontú deontais agus i gclár oibre 2022; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil éiginnteacht ag gabháil leis an tabhairt isteach sin maidir le hiarmhairtí dlíthiúla an choincheapa sin d'eagraíochtaí taighde;

Saincheisteanna aonair eile a ardaíodh

36. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbainfí úsáid éifeachtach as na torthaí taighde chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt mar thoradh ar choincheap "Aireagóirí CNE"; á mheas, dá bhrí sin, nár cheart go mbainfeadh sé an bonn d'úsáid na dtorthaí ag saineolaithe eile laistigh den eagraíocht taighde nó ag an eagraíocht taighde féin chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt; á chreidiúint nach bhfuil údar le cearta rochtana leathana d'Aireagóirí CNE, gan aon teorainn ama, ach amháin i gcásanna nach gcuireann na heagraíochtaí taighde an tacaíocht is gá ar fáil do thaighdeoirí aonair chun na torthaí a úsáid chun gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur cheart na cearta rochtana sin a dheonú d'Aireagóirí CNE ar bhonn cás ar chás nuair is léir nach bhfuil an tacaíocht is gá ag an Aireagóir laistigh den eagraíocht taighde;

37. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an iomarca tograí ardcháilíochta nach bhfuil á gcistiú mar thoradh ar rátaí ísle rathúlachta an chláir (6-10 %); á thabhairt chun suntais gurb ionann rátaí ísle ratha agus caillteanas toisc go bhfuil nuálaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith an-chlaochlaitheach nach bhfuil á bhforbairt a thuilleadh chomh maith le caillteanas san am agus san airgead a infheistítear in ullmhú tograí; á iarraidh, i ndáil leis sin, i gcás inarb iomchuí, go n-úsáidfear iarratais dhá chéim chun caillteanais san am agus san airgead a infheistítear in ullmhú tograí a theorannú;

38. ag cur béim ar an bhfíoras go mbaintear an bonn d'acmhainneacht nuálach, d'fhás eacnamaíoch agus d'athléimneacht na hEorpa mar gheall ar rannpháirtíocht íseal na mban ar an láthair nuathionscanta agus caipitil fiontair; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, na hiarrachtaí atá déanta ag CNE chun ceannaireacht agus rannpháirtíocht na mban i ngnólachtaí nuathionscanta agus i gcaipiteal fiontair a chur chun cinn; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil athrú leordhóthanach tarlaithe mar thoradh air sin go fóill; á chur i bhfios, i ndáil leis an méid sin, nach raibh ach 1,8 % d'infheistíochtaí i ngnólachtaí nuathionscanta Eorpacha in 2021 bailithe ag gnólachtaí nuathionscanta a bhunaigh mná amháin agus nach ndearna foirne bunaithe inscne measctha ach 9,3 % díobh a bhailiú ([10]);

39. á chur i bhfios a thábhachtaí atá Bord CNE mar phríomhchomhairleoir don Choimisiún maidir le cur chun feidhme CNE chomh maith le beartas nuálaíochta níos leithne a fhorbairt, go háirithe maidir leis an éiceachóras nuálaíochta san Eoraip a fheabhsú agus teicneolaíochtaí atá ábhartha ó thaobh straitéise de a shainaithint; á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfeadh EISMEA agus ranna eile de chuid an Choimisiúin lena mbaineann Bord CNE go hiomlán ar an eolas go tráthúil, maidir le gach forbairt i gcur chun feidhme CNE, agus gur cheart dóibh an fhaisnéis uile a iarrann sé maidir le CNE a chur ar fáil dó;

40. ag tabhairt dá haire go bhfuil Aistriú CNE mar chuid fhoirmiúil de Threo-Aimsitheoir CNE, cé go gcuirtear chun feidhme é mar chuid den chlár ar leithligh; á mheas gur lú na glaonna Aistrithe ná 10 % de bhuiséid CNE faoi chláir oibre 2021 agus 2022; á chur i bhfios gurb iad na glaonna Aistrithe na glaonna amháin a gcuirtear an nós imeachta mear maidir le taighde agus nuálaíochta i bhfeidhm ina leith; ag formhuiniú úsáid an nós imeachta sin don ghlao Aistrithe; á iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm an nós imeachta sin a leathnú chuig níos mó glaonna Treo-Aimsitheora;

([10]) https://europeanwomeninvc.idcinteractive.net/

Dé Máirt 22. Samhain 2022

41. á thabhairt chun suntais go dtagraíonn clár oibre 2022 don phrionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" mar chritéar meastóireachta do Luasaire CNE agus mar chritéar incháilitheachta do CNE i gcoitinne; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an ceanglas sin atá ann an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chomhlíonadh mar a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2020/852, ar a dtugtar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ós rud é go gcuirtear i bhfeidhm é maidir le gach glao gan beann ar inneachar ná aibíocht; ag aithint a úsáidí atá an prionsabal chun treoir a thabhairt maidir le roghnú na dtionscadal faoi ghlaonna a mbaineann a n-inneachar go díreach le cuspóirí comhshaoil an Aontais agus atá gar do bheith curtha ar an margadh; ag cur béim ar an bhfíoras nach bhfuil aon bhunús dlí ann chun an critéar incháilitheachta breise sin a chur i bhfeidhm go forleathan maidir le gach glao;

42. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí laistigh de CNE creat oiriúnach a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht CNE; á thabhairt chun suntais, mar gheall ar nádúr uathúil CNE, go bhfuil gá le cur chuige saincheaptha chun faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus le húsáid a bhaint as toradh an fhaireacháin sin chun a áirithiú go mbeidh CNE ina phríomhfheidhmeoir sa mhargadh;

Moltaí

43. á iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chiste CNE faoi chuimsiú an chláir Fís Eorpach agus modh bainistithe nua oiriúnach don fheidhm a aimsiú a bheidh ina léiriú ar a uaillmhianaí agus a bhunathraithí atá CNE mar infheisteoir tagartha don nuálaíocht cheannródaíoch san Eoraip; ag tathant ar an gCoimisiún na prionsabail seo a leanas a chur san áireamh sa chur chuige nua sin:

(a) a áirithiú go bhfuil cur chun feidhme na gcomhpháirteanna cothromais agus deontais araon faoi rialú iomlán an Choimisiúin, agus ba cheart go n-áiritheofaí leis sin freisin go bhfuil comhordú díreach ann idir cur chun feidhme an dá chomhpháirt, agus go gcosnaítear cumas an Choimisiúin idirghabháil a dhéanamh ag céim ar bith den timthriall infheistíochta chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo;

(b) a áirithiú go mbeidh ról ag Bord Chiste CNE agus ag meastóireacht saineolaithe neamhspleácha ag an gCoiste Infheistíochta chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh threoirlínte infheistíochta Chiste CNE, agus, ag an am céanna, brath ar fhoireann BEI agus ar bhainisteoirí cistí seachtracha chun oibríochtaí a bhainistiú ó lá go lá;

(c) leas iomlán a bhaint as breisluach na comhinfheistíochta a dhéanann infheisteoirí seachtracha, agus ag an am céanna an deis a bheith ag Ciste CNE an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a bheith mar an t-aon infheisteoir amháin, lena n-áirítear trí chothromas a ghlacadh gan comhinfheistíocht ó infheisteoirí seachtracha de dhíth;

(ii) a bheith ina phríomhinfheisteoir gan a bheith ina cheannaire ar an mbabhta infheistíochta;

(iii) a bheith ina cheannaire ar bhabhta infheistíochta;

(d) straitéis infheistíochta a fhorbairt le haghaidh infheistíochtaí cothromais bunaithe ar gharspriocanna lena léirítear fiúntas na nuálaíochta chomh maith le cuspóirí straitéiseacha an Aontais seachas toilteanas infheisteoirí eile dul isteach sa bhabhta infheistíochta, rud a spreagfadh Ciste CNE chun rioscaí a ghlacadh mar an t-aon infheisteoir amháin, go háirithe chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht rathúil na réigiún faoi ghannionadaíocht agus na gcuideachtaí arna stiúradh ag mná, a bhfuil níos mó deacrachtaí acu a ngnólachtaí nuathionscanta a mhaoiniú;

(e) straitéis scoir a bhunú le haghaigh infheistíochtaí cothromais Chiste CNE ina gcuirfear cuspóirí straitéiseacha an Aontais san áireamh;

(f) an tógáil a choinneáil ar bun lenar féidir foireann BEI a leabú i nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Nuálaíochta na hEorpa agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) chun dícheall cuí ar ardchaighdeán a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún tógáil ar an gcomhar rathúil sin agus teacht ar chomhaontú le BEI chun foireann leabaithe BEI a dhéanann ionadaíocht ar Chiste CNE a chur i gcruinnithe boird na n-institiúidí infheistiúcháin;

(g) comhoibriú éifeachtúil a áirithiú le pointí teagmhála náisiúnta agus le húdaráis réigiúnacha más infheidhme;

Dé Máirt 22. Samhain 2022

44. ag tathant ar an gCoimisiún dul i mbun idirphlé oscailte leis an bParlaimint, le coiste an chláir ábhartha agus le Bord CNE chun réiteach fadtéarmach malartach a fhorbairt do struchtúr Chiste CNE lena n-urramófar go hiomlán reachtaíocht ábhartha an Aontais agus na prionsabail thuasluaite; á mholadh go ndéanfaí measúnú críochnúil ar bhealaí chun cur chun feidhme CNE a fheabhsú, agus é a mheas mar rogha comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais a bhunú faoi Airteagal 187 CFAE mar an príomheintiteas atá freagrach as CNE a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go gcaithfear go cothrom le hiarratasóirí i gcónaí, agus go ndéanfaidh an cur chun feidhme an trédhearcacht, an chuntasacht agus cosc coinbhleachtaí leasa a choimirciú; á mholadh, má chinntear sa mheasúnú críochnúil gurb é comhlacht den sórt sin an socrú institiúideach is fearr chun an Luasaire a chur chun feidhme ar an mbealach a leagtar amach thuas, gur cheart é a chur ar bun a luaithe is féidir;

45. á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar chur chun cinn na mban ar fud earnáil na nuálaíochta agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh cothromaíocht inscne a bhaint amach i ngach post ábhartha, chomh maith le cothromaíocht gheografach thairbhithe CNE ar fud réigiúin an Aontais; á iarraidh, go háirithe, go n-áireodh an Coimisiún bearta sonracha i gcláir oibre CNE chun aghaidh a thabhairt ar an dá shaincheist laistigh de CNE;

46. á mholadh go bhféachfaí ar urrann InvestEU lasmuigh de Chiste CNE do chuideachtaí nach gá dóibh ach cistiú a mheaitseáil chun a mbabhtaí uas-scálaithe a thabhairt chun críche;

47. á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le léirmhíniú ar chritéir neamh-iontaofacht ó thaobh brabúis de agus chomhinfheistíochta, feabhas a chur ar an gcumarsáid agus ról níos fearr a thabhairt do Phointí Teagmhála Náisiúnta;

48. á iarraidh ar an gCoimisiún an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur i bhfeidhm maidir le glaonna a mbaineann a n-inneachar go díreach le cuspóirí comhshaoil an Aontais agus atá gar do bheith curtha ar an margadh, agus staonadh ón bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a úsáid mar chritéar incháilitheachta cothrománach breise do thionscadail uile CNE;

49. á iarraidh ar an gCoimisiún an Samhail-Chomhaontú Deontais a oiriúnú chun sainmhíniú soiléir ar "Aireagóir CNE" a chur san áireamh agus chun beartas soiléir a leagan síos maidir le cearta rochtana d'Aireagóirí EIC sa chaoi nach gcuirtear cearta rochtana leathana ar fáil dóibh ach amháin nuair nach bhfuil beartas agus struchtúr gníomhach i bhfeidhm ag eagraíocht taighde chun tacú le húsáid na dtorthaí taighde le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún córas meastóireachta leanúnaí agus tapa a thabhairt isteach ar fheidhmíocht CNE agus, go háirithe, ar fheidhmíocht an Luasaire;

51. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú dian agus leanúnach ar an nós imeachta meastóireachta a áireamh, agus gearáin arna ndéanamh ag iarratasóirí a léiríonn neamhréireachtaí soiléire sa mheastóireacht ar a dtograí á gcur san áireamh go dáiríre; á iarraidh ar an gCoimisiún an Pharlaimint a chur ar an eolas faoin gcaoi a láimhseálann sé gearáin aonair lena léirítear teip shoiléir na meastóirí;

52. á iarraidh ar chomhlachtaí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Bord CNE, straitéis iniúchóireachta thiomnaithe a fhorbairt do CNE ina léireofar nádúr sonrach CNE;

53. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a áireamh chun rannpháirtíocht FBManna a fheabhsú agus chun Luasaire CNE a dhéanamh inrochtana agus tarraingteach do FBManna nuálacha, tríd an bpróiseas iarratais a shimpliú chun bacainní ar FBManna a bhaint;

54. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtacóidh an ionstraim le raon leathan tionscadal ó thaobh a scála de, ionas gur féidir le cuideachtaí beaga a fhorbraíonn agus a dhéanann uas-scálú ar nuálaíochtaí ardtionchair rochtain chomhionann a bheith acu uirthi;

55. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas tíolactha reatha Luasaire CNE agus ar a thréimhse ama a thógann sé deontas a thabhairt, agus ardán CNE á ailíniú le critéir mheastóireachta Luasaire CNE; á chreidiúint gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag athbhreithniú den sórt sin ionstraim thapa agus shimplí a chur ar fáil a bheadh oiriúnach do riachtanais ghnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta na hEorpa, agus tréimhse ama spriocdhírithe idir ceithre agus cúig mhí a bhaint amach faoin méid ama a thógann sé deontas a thabhairt;

56. á iarraidh ar an gCoimisiún sineirgí agus comhar le EIT a fheabhsú; á iarraidh ar EIT agus ar CNE malartuithe faisnéise cómhalartacha agus córasacha a chur ar bun, chomh maith le comhalta coiteann a bheith ann i ngach ceann dá mboird rialaithe, agus é mar aidhm leis sin bacainní agus dúbláil iarrachtaí agus straitéisí a sheachaint;

o

o o

57. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.